Parlaimint na hEorpa
2024-2029

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P10_TA(2026)0200

Na bearta is gá chun an Prótacal, atá i gceangal le CAE agus CFAE, maidir leis na hiarmhairtí airgeadais toisc Conradh CEGC a dhul in éag agus leis an gCiste Taighde um Ghual agus Cruach, a chur chun feidhme

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 16 Meitheamh 2026 ar an dréachtchinneadh ón gComhairle lena leagtar síos na bearta is gá le haghaidh chur chun feidhme Phrótacal Uimh. 37 maidir leis na hiarmhairtí airgeadais toisc Conradh CEGC a dhul in éag agus maidir leis an gCiste Taighde um Ghual agus Cruach, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 2003/76/CE (06884/2026 – C10-0091/2026 – 2025/0390(APP))

(An nós imeachta reachtach speisialta – toiliú)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle (06884/2026),

– ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le Prótacal Uimh. 37 maidir leis na hiarmhairtí airgeadais toisc Conradh CEGC a dhul in éag agus leis an gCiste Taighde um Ghual agus Cruach, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 2, an chéad mhír, de (C10-0091/2026),,

– ag féachaint do Riail 107(1) agus (4) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Buiséid (A10-0158/2026),

1. ag tabhairt a toilithe don dréachtchinneadh ón gComhairle;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.